Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 17

# An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ní mór dom an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch Déardaoin 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar chostais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Déantar comparáid idir an caiteachas agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Tá barrachas de €628,000 dlite don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi na polasaithe agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

***Ról an Bhoird***

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Forálann sé do Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse agus do bhord a cheapadh ar a mbíonn ochtar ball seachtrach mar aon leis an bPríomhfheidhmeannach ar bhonn *ex officio*.

I comparáid le feidhmeanna na mBord Stáit go traidisiúnta, baineann feidhmeanna reachtúla an Bhoird níos mó le comhairle a thabhairt agus, go bunúsach, baineann siad le comhairle agus treoir a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach. De ghnáth, bíonn na nithe seo a leanas san áireamh

- ionadaíocht a dhéanamh do leas na seirbhíse poiblí agus a chinntiú go bhfuil na caighdeáin chuí seirbhíse ar fad á mbaint amach
- measúnú a dhéanamh ar agus faomhadh a thabhairt do phleananna agus do chuspóirí straitéiseacha a chuireann an Príomhfheidhmeannach chun cinn
- monatóireacht a dhéanamh ar agus comhairle a thabhairt don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le comhlíonadh a cuid feidhmeanna
- a chinntiú go ndéantar nósanna athbhreithnithe cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i dtaca le comórtais earcaíochta agus ardaithe céime, agus aon chóid chleachtais chuí a eisíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a chur san áireamh
- tuarascáil bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a fhoilsiú.

# Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthpholasaithe agus na gnáthphrionsabail chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i gciorclán 22/2023, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú.

Measadh na saolréanna ionchasa de na cineálacha móra sócmhainní doláimhsithe agus na rátaí amúchta a bhaineann leo mar seo a leanas:

| *Cineál* | *Saolré Ionchais* | *Ráta Amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais Bogearraí | Téarma Ceadúnas 2-10 mbliana | 50%-10% |

## Ráiteas maidir leis an rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacaim leis an bhfreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á chur i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an fhreagracht seo i bhfeidhm faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil dom agus faoi réir na ndualgas eile atá orm mar Cheannasaí na hOifige. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach a dhearbhú go réasúnach, agus ní go daingean, go bhfuil na hacmhainní slán, go bhfuil cead tugtha maidir le hidirbhearta agus go ndéantar taifead orthu i gceart, agus go gcoisctear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Déantar cothabháil ar bhonn leanúnach ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras sin agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid dualgas maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Oifig na Seirbhísí Náisiúnta Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte (m.sh. acmhainní daonna agus seirbhísí párolla) a sholáthar comhlíonta agam.

Tá mé ag brath ar litir dheimhnithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialacháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

***Réimse rialaithe airgeadais***

Tá réimse rialaithe, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas san áireamh, i bhfeidhm.

- Tugadh freagrachtaí airgeadais amach ag leibhéal bainistíochta chomh maith le cuntasacht dá réir
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar tugadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go gcuirtear an gníomh ceartaitheach cuí i bhfeidhm chun iad a cheartú.
- Tá Coiste Iniúchta i bhfeidhm chun comhairle a thabhairt dom agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas i leith an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- Tá taifead déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialú riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais a bheith deighilte agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe agus buiséad bliantúil ann agus go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- go bhfuil córais i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na córais TFC slán
- go bhfuil treoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil i bhfeidhm chomh maith le córais fhoirmiúla maidir le bainistíocht tionscadal.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agamsa. Tá an obair bunaithe ar anailís a rinneadh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí neamhchosanta ina n-aghaidh agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm go gclúdóidh na pleananna seo na príomhrialuithe ar bhonn atrátha ar feadh tréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ngníomhaítear ar na tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair i dtaca le conarthaí a bhronnadh agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha. Bhí caiteachas de €7.58 milliún san iomlán i gceist d’earraí agus do sheirbhísí, costais maidir le baill foirne ar conradh san áireamh, in 2023.

Chuir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sonraí faoi shé chonradh neamhiomaíocha a raibh luach de níos mó ná €25,000 ag baint leo sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chloígh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis na treorlínte ach amháin i dtaca le trí chonradh a raibh luach iomlán de €322,454 ag baint leo (gan CBL a chur san áireamh), de réir mar a leagtar amach thíos:

- Soláthraí amháin fostaithe (luach €63,877) ar dtús ar mholadh Oifig na nOibreacha Poiblí, ar feadh tréimshe a raibh obair tógála ar siúl, go príomha chun bealach isteach a chinntiú chuig Áras na Caibidle de réir mar is gá. Ar chomhairle an Garda Síochána, socraíodh an tseirbhís a choimeád mar a gheall ar ardú suntasach ar iompar neamhshóisialta sa cheantar. Tá próiséas soláthair iomaíoch críochnaithe anois, agus beidh soláthraí nua i bhfeidhm sa dara ráithe, 2024.

- I gcás amháin, cuireadh an t-iarratas ar thairiscintí chun soláthraí nua a aimsiú ar ceal agus athfhógraíodh é toisc gur mheas muid an luach faoina luach. Chun leanúnachas gnó a bhaint amach cuireadh síneadh 6 mhí leis an gconradh (luach €231,267).
- Soláthraí amháin roghnaithe (luach €27,310) ag One Learning chun traenáil a chur ar fáil i réimse na bainistíochta daoine. D'úsáid an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iad ar bhonn eatramhach chun riachtanais oiliúna a chomhlíonadh. Tá comórtas ar siúl faoi láthair chun soláthraí nua a aimsiú.

***Creat riosca agus rialachais***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn rioscaí tábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo, agus an oiread agus is féidir, na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár agus ceartaíonn siad é gach ráithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht ar rioscaí ag leibhéal sásúil. Léiríonn an clár riosca na rialacháin agus na gníomhartha atá ag teastáil chun rioscaí a laghdú chomh maith le freagracht a thabhairt do bhaill foirne ar leith maidir le rialú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialachais in iúl dóibh siúd atá freagrach as iad a cheartú agus don Bhord Bainistíochta, más cuí agus in am. Deimhním gur aithníodh ríoscaí tábhachtacha agus gur cuireadh próisis ábhartha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe seo agus easnaimh ar bith a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm san Oifig chun súil a choinneáil ar chomh héifeachtach is atá nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe (a ndéantar plé orthu sa chéad chuid eile). Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus lucht ardbhainistíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Ceisteanna faoi rialú inmheánach airgeadais***

Ní bhfuarthas aon laige i rialú inmheánach airgeadais i dtaca leis an mbliain 2023 ar gá a nochtú sa chuntas leithreasa.

**Margaret McCabe**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

12 Márta 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 17 - An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 17 – An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 17 – An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

#### *An bonn leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

#### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Bealtaine 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

# Cuntas Leithreasa 2023

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A An Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí - ath-imlonnú/earcaíocht/roghnú | | | | | |
| | *Bun.* | 21,323 | | | |
| | *Forlíontach* | 282 | | | |
| | | | 21,605 | 21,084 | 19,578 |
| **Ollchaiteachas** | | | **21,605** | **21,084** | **19,578** |
| *Asbhaint* | | | | | |
| B **Leithreasaí i gcabhair** | | | | | |
| | *Bun.* | 176 | | | |
| | *Forlíontach* | 130 | | | |
| | | | **306** | **413** | **301** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bun.* | 21,147 | | | |
| | *Forlíontach* | 152 | | | |
| | | | **21,299** | **20,671** | **19,277** |

**Barrachas**

Ní mór an barrachas a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm a thabhairt ar ais don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **627,569** | **685,604** |

**Margaret McCabe**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

12 March 2024

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 13,505 | 11,564 |
| Caiteachas eile | | 7,579 | 8,014 |
| **Ollchaiteachas** | | **21,084** | **19,578** |
| *Asbhaint* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | 413 | 301 |
| **Glanchaiteachas** | | **20,671** | **19,277** |
| **Athruithe ar shóchmhainní caipitil** | | | |
| ***Athruithe ar réadmhaoin, fhearas agus threalamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (320) | | |
| Dímheas | 133 | | |
| ***Athruithe ar shóchmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (54) | | |
| Amúchadh | 13 | | |
| | | (228) | 76 |
| **Athruithe ar ghlanshóchmhainní reatha** | | | |
| (Méadú)/laghdú ar réamhíocaíochtaí | (117) | | |
| (Méadú)/laghdú ar ioncam fabhraithe | 97 | | |
| Méadú/(laghdú) ar chostais fabhraithe | (59) | | |
| | | (79) | 223 |
| **Caiteachas díreach** | | **20,364** | **19,576** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,642 | 3,374 |
| **Glanchostas cláir** | | **24,006** | **22,950** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 17 a iompraíodh in áit eile san áireamh sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 60 | 62 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,468 | 1,354 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,052 | 1,887 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 32 | 28 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 30 | 43 |
| | | **3,642** | **3,374** |

## Nóta 2 Ráiteas faoi Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 520 | 332 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 69 | 28 |
| **Sócmhainní seasta iomlána** | | **589** | **360** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 845 | 346 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 506 | 389 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 33 | 131 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 280 | 465 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **1,664** | **1,331** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.7 | 157 | 216 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 610 | 495 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 515 | 316 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **1,282** | **1,027** |
| **Glansóchmhainní reatha** | | 382 | 304 |
| **Glansóchmhainní** | | **971** | **664** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | 2.10 | **971** | **664** |

## 2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh [a]

| | Fearas oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil [b]** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2023 | 1,297 | 242 | 1,539 |
| Breiseanna | 320 | — | 320 |
| Diúscairtí | (217) | — | (217) |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 1,400 | 242 | 1,642 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2023 | 1,107 | 99 | 1,206 |
| Dímheas don bhliain | 108 | 25 | 133 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (217) | — | (217) |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 998 | 124 | 1,122 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2023** | **402** | **118** | **520** |
| Ar an 31 Nollaig 2022 | 190 | 142 | 332 |

Nóta [a] Tá sócmhainní a fuarthas ar chostas níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021 san áireamh sa chostas nó luacháil ag tús agus ag deireadh na bliana.

Nóta [b] Ar an 1 Eanáir 2023, aistríodh sócmhainní bogearraí faighte agus forbartha go sócmhainní Doláimhsithe (nóta 2.2).

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe [a]

| | Ceadúnais bogearraí faighte agus bogearraí forbartha | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ollsóchmainní** | | |
| Ar an 1 Eanáir 2023 | 3,826 | 3,826 |
| Breiseanna | 54 | 54 |
| Diúscairtí | — | — |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 3,880 | 3,880 |
| **Amúchadh Bailithe** | | |
| Ar an 1 Eanáir 2023 | 3,798 | 3,798 |
| Amúchadh don bhliain | 13 | 13 |
| Amúchadh do dhiúscairtí | — | — |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 3,811 | 3,811 |
| **Glansóchmhainní Ar an 31 Nollaig 2023** | 69 | 69 |
| Ar an 31 Nollaig 2022 | 28 | 28 |

Nóta [a] Ar an 1 Eanáir 2023, aistríodh sócmhainní bogearraí faighte agus forbartha ó Réadmhaoin, fearas agus trealamh.

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG | 844 | 345 |
| Iarmhéid i gcuntas bainc tráchtála | — | — |
| Mionairgead | 1 | 1 |
| | **845** | **346** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí agus tacaíochtaí TF | 432 | 367 |
| Costais chláir ar leith | 63 | 5 |
| Costais riaracháin | 11 | 17 |
| | **506** | **389** |

## 2.5 Ioncam Fabhraithe

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais riaracháin | 33 | 29 |
| Le teacht do sheirbhísí | — | 102 |
| | **33** | **131** |

## 2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fionraí tuarastail | — | 256 |
| Réamhíocaíochtaí chuig OOP | 90 | 95 |
| Scéim fhorchúitimh do phas taistil | 3 | 2 |
| Míreanna eile dochair: fionraí | 187 | 112 |
| | **280** | **465** |

## 2.7 Costais Fabhraithe

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí agus tacaíochtaí TF | 3 | 6 |
| Costais chláir ar leith | 84 | 48 |
| Costais riaracháin | 70 | 162 |
| | **157** | **216** |

## 2.8 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 244 | 221 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | 164 | 140 |
| Cáin shiarchoinneálach do sheirbhisí gairmiúla | 60 | 30 |
| Cáin bhreisluacha | 55 | 31 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| | 524 | 423 |
| Aisbhaintí párólla atá á gcoimeád ar fionraí | 86 | 72 |
| | **610** | **495** |

## 2.9 Glandliteanas don Státchiste

| ar an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 628 | 686 |
| Géilleadh iarchurtha | — | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (113) | (370) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **515** | **316** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 845 | 346 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 280 | 465 |
| | 1,125 | 811 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (524) | (423) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (86) | (72) |
| | (610) | (495) |
| | **515** | **316** |

## 2.10 Cuntas do Mhaoiniú Stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 664 | 963 |
| Íocaíocht amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 21,299 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (628) | | |
| Vóta glan | | | 20,671 | 19,277 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 3,642 | 3,374 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (24,006) | (22,950) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | | | **971** | **664** |

## 2.11 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** ar an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 484 | 376 |
| Tionscadail Chaipitil | 36 | — |
| **Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe de réir dlí** | **520** | **376** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh uilig do Vóta 17 de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí mar chaiteachas riaracháin ar baineadh úsáid as do chlár amháin: státseirbhís agus seirbhís phoiblí – ath-imlonnú/earcaíocht/roghnú.

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar sna meastacháin | Caiteachas | Caiteachas |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bun.* | 13,166 | | | |
| | | *Forlíontach* | 584 | | | |
| | | | | 13,750 | 13,505 | 11,564 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | 40 | 40 | 11 | 3 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bun.* | 410 | | | |
| | | *Forlíontach* | 90 | | | |
| | | | | 500 | 507 | 416 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bun.* | 90 | | | |
| | | *Forlíontach* | 15 | | | |
| | | | | 105 | 106 | 102 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Bun.* | 3,202 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,170) | | | |
| | | | | 2,032 | 2,006 | 1,552 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bun.* | 449 | | | |
| | | *Forlíontach* | 161 | | | |
| | | | | 610 | 580 | 1,707 |
| vii | Costais earcaíochta – taighde agus rialachas corparáideach | | | | | |
| | | *Bun.* | 120 | | | |
| | | *Forlíontach* | 158 | | | |
| | | | | 278 | 266 | 153 |
| viii | Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil | | | | | |
| | | *Bun.* | 1,534 | | | |
| | | *Forlíontach* | 256 | | | |
| | | | | 1,790 | 1,691 | 1,830 |

| | | 2023 | | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| ix | Costais earcaíochta - boird agallaimh | | | | |
| | *Bun.* | 2,312 | | | |
| | *Forlíontach* | 188 | | | |
| | | | 2,500 | 2,412 | 2,251 |
| | | | **21,605** | **21,084** | **19,578** |

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2023 | | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Leithreasaí-i-gcabhair | | | | |
| | *Bun.* | 25 | | | |
| | *Forlíontach* | 130 | | | |
| | | | 155 | 198 | 100 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise a bhaineann le luach saothair na seirbhíse poiblí | | 150 | 215 | 201 |
| 3 | Eile | | 1 | — | — |
| | **Iomlán** | | **306** | **413** | **301** |

## Nóta 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Coibhéis lánaimseartha** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Líon na mball foirne ag deireadh na bliana | **295** | **272** |

### 5.2 Pá

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 12,131 | 10,453 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgais speisialta nó bhreise | 143 | 110 |
| Ragobair | 18 | 5 |
| ÁSPC an Fhóstóra | 1,213 | 996 |
| **Pá iomlán** | **13,505** | **11,564** |

### 5.3 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | **Líon daoine a fuair** | **Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht is mó do dhuine amháin** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2023** | **2022** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntas ard-dualgais, dualgais speisialta nó bhreise | 57 | 4 | 14,531 | 14,413 |
| Ragobair | 52 | — | 1,770 | 389 |
| Íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 10 | 2 | 12,523 | 11,770 |

## 5.4 Baill Foirne sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí de réir banda pá

Bhí líon na mball foirne sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a fhaigheann sochair mar fhostaí (lena n-áirítear bunthuarastal, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a chur san áireamh) idir €20,000 agus €59,999 agus, maidir le gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh, tá na figiúirí mar seo a leanas.

| Banda pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go dtí** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 224 | 189 |
| 60,000 | 69,999 | 10 | 11 |
| 70,000 | 79,999 | 14 | 13 |
| 80,000 | 89,999 | 6 | 11 |
| 90,000 | 99,999 | 3 | 0 |
| 100,000 | 109,999 | 5 | 4 |
| 110,000 | 119,999 | 1 | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe eile íocaíochta

Cuireadh 130 státseirbhíseach atá ar scor agus a fhaigheann pinsean státseirbhíse ag obair arís do tháillí agus bhí costas iomlán de €828,688 i gceist. Íocadh iad de réir Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Íocadh €35,055 i dtáillí le ceathrar ball de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí in 2023, mar a léirítear sa tábla seo a leanas.

| **Ball** | **Táillí bliantúla** | |
|---|---|---|
| | **2023** | **2022** |
| | **€** | **€** |
| Margaret McCabe, Príomhfheidhmeannach (ón 11 Iúil 2022) | — | — |
| Tom Moran, Cathaoirleach | 11,970 | 11,970 |
| An Dr Eddie Molloy | 7,695 | 7,695 |
| Anne Marie Taylor | 7,695 | 7,695 |
| Mary Connaughton | 7,695 | 7,695 |
| Yvonne Cooke [a] | — | — |
| Colin Menton [a] | — | — |
| Fiona Quinn [a] | — | — |
| Anne Marie Hoey [a] | — | — |
| **Iomlán** | **35,055** | **35,055** |

Nóta [a] Státseirbhísigh reatha nach bhfaigheann táillí mar Bhall Boird faoin bprionsabal ar a dtugar 'duine amháin, tuarastal amháin'.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí Párolla

| ar an 31 Nollaig | Líon daoine a fuair | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 19 | 19,079 | 16,251 |
| Pleananna téarnaimh bliantúla i bhfeidhm | 4 | 1,297 | 2,719 |

## 5.7 Íocaíocht agus sochair don Oifigeach Cuntasaíochta

Bhí íocaíocht agus sochair inchánach an Oifigigh Chuntasaíochta mar seo a leanas ag deireadh na bliana airgeadais:

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| **Pá bunúsach** | | |
| Shirley Comerford (go dtí an 8 Iúil 2022) | — | 102 |
| Margaret McCabe (ón 11 Iúil 2022)* | 163 | 53 |
| | 163 | 155 |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim aoisliúntais do státseirbhísigh bhunaithe a bhí i bhfeidhm roimh 1995 í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin a thuill sí le linn na bliana teorainneacha na scéime sin.

*Bhí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) ag fáil riaráistí a bhaineann le Liúntas do Dhualgais Níos Airde ó 2022 nuair a ceapadh í mar POF eatramhach ón 11 Iúil 2022.

# Nóta 6 Eile

## 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Costais a íoc an tseirbhís sa bhliain

| | **Éilimh ó** | | **2023** | **2022** |
|---|---|---|---|---|
| | **Fhostaithe** | **Bhaill den Phobal** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| Líon cásanna | — | 2 | 2 | — |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Íocaíocht ar son na seirbhíse: | | | | |
| Cúiteamh | — | — | — | — |
| Costais Dlí | — | 53 | 53 | 1 |
| Costais eile | — | — | — | — |
| **Iomlán 2023** | **—** | **53** | **53** | **1** |
| Iomlán 2022 | — | 1 | **1** | — |

Nóta [a] Ar an 31 Nollaig 2023, bhí 9 gcás dlíthíochta fós le réiteach.
[b] Is iad na méideanna thuas na híocaíochtaí deireanacha sna cásanna ar cuireadh i gcrích iad in 2023. Ní raibh aon chostais ag baint le ceachtar de na cásanna seo sna blianta roimhe seo.